2026/1691

9.7.2026

CINNEADH (Euratom) 2026/1691 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Iúil 2026

maidir le tabhairt i gcrích, ag an gCoimisiún Eorpach, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe i ndáil le Giobráltar idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 101, an dara fomhír, de,

Ag féachaint don fhormheas ón gComhairle,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh an … ([1]), d'fhormheas an Chomhairle tabhairt i gcrích, ag an gCoimisiún Eorpach, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, an Chomhaontaithe i ndáil le Giobráltar idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ('an Comhaontú'), lena n-áirítear a chur i bhfeidhm sealadach, a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoin gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach ('Conradh Euratom').

(2) Go deimhin, cumhdaítear leis an gComhaontú ábhair a thagann faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ábhair a thagann faoi raon feidhme Chonradh Euratom, is iad sin na forálacha maidir le comhar núicléach sibhialta. Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a thabhairt i gcrích thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach freisin a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoin gConradh sin.

(3) Ba cheart an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an Comhaontú a chur i bhfeidhm go sealadach, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm, a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi Chonradh Euratom.

(4) Maidir le hábhair a thagann faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá sé beartaithe feidhm shealadach a bheith ag an gComhaontú ón 15 Iúil 2026 ar aghaidh. Ar mhaithe le comhsheasmhacht, ba cheart feidhm shealadach a bheith freisin ag an gcuid sin den Chomhaontú lena gcumhdaítear ábhair a thagann faoi raon feidhme Chonradh Euratom ón dáta céanna.

(5) Tá síniú, cur i bhfeidhm sealadach agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, faoi réir nós imeachta ar leithligh, faoin gConradh sin,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Formheastar leis seo, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi raon feidhme Chonradh Euratom, an Comhaontú i ndáil le Giobráltar idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ([2]).

([1]) Cinneadh ón gComhairle lena bhformheastar tabhairt i gcrích, ag an gCoimisiún Eorpach, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe i ndáil le Giobráltar idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

([2]) Téacs an Chomhaontaithe (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

Airteagal 2

Tar éis a shínithe, agus faoi réir cómhalartachta, cuirfear an Comhaontú i bhfeidhm go sealadach ón 15 Iúil 2026.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Maroš ŠEFČOVIČ
Comhalta den Choimisiún